Irish Statistical System
Code of Practice

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Stiúrthóra

## 2016

Is í seo an 4ú tuarascáil bhliantúil ó seoladh Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) sa bhliain 2013. Céim ríthábhachtach is é ISSCoP chun rialachas agus cáilíocht ábhar staidrimh in Éirinn a threisiú.

Le linn 2016 bhí an-chuid comhair uair eile idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ranna agus Gníomhaireachtaí den Rialtas i ndáil le tiomantas do dhea-chleachtas i dtiomsú Ábhair Staidrimh Oifigiúil de réir ISSCoP a chothú. Tá dhá eagraíocht dhéag anois ann a bhfuil Ráitis Tiomantais maidir le ISSCoP sínithe acu agus a bhfuil a gComhordaitheoirí Staidrimh ceaptha acu faoin gCód.

Le linn 2017 spreagfar eagraíochtaí nach bhfuil cláraithe fós chun Ráitis Tiomantais don gCód a chomhlánú. Tacófar leo chun sin a dhéanamh. Lena chois sin táthar ag súil go mbeidh ar chumas na n-eagraíochtaí atá cláraithe cheana féin an Ceistneoir Féinmheastóireachta ISSCoP a chomhlánú in 2017. Mar thoradh air seo cuirfear meastóireacht agus forbairt an leibhéal comhlíonta atá acu le prionsabail an chóid chun cinn.

Bunaíodh Stiúrthóireacht nua um Chomhordú an Chóras Staidrimh sa Phríomh-Oifig Staidrimh i lár 2016. Ar chúramaí na Stiúrthóireachta seo áirítear an creatlach chomhordaithe riachtanach a chruthú, creatlach a bheas ina crann taca don chóras staidrimh i gcoitinne agus trína éascófar don Phríomh-Oifig Staidrimh a cuid riachtanas reachtúil náisiúnta agus ó thaobh an AE de a chomhlíonadh amach anseo. Mar chuid den obair seo beidh uirthi sásraí um dhearbhú a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh d'fhéachaint an gcomhlánaíonn gach tiomsaitheoir Ábhar Staidrimh Oifigiúil Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann agus go gcomhlánaíonn gach tiomsaitheoir Ábhar Staidrimh Oifigiúil Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh chomh maith leis na riachtanais reachtúla atá leagtha amach i Rialachán leasaithe (CE) 223/2009.

Is mór leis an bPríomh-Oifig Staidrimh an tacaíocht leanúnach a bhí á fáil aici i gcónaí in 2016 ó chomhghleacaithe ar fud na seirbhíse poiblí i ndáil le cur i ngníomh an tionscnaimh ríthábhachtaigh seo. Treisíonn an tacaíocht seo Córas Staidrimh na hÉireann. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, táim ag tnúth le bheith ag leanúint den gcomhoibriú seo lenár gcomhpháirtithe go léir sna blianta amach romhainn.

Pádraig Daltún

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*
*+353 1 4984000*

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

*Dublin Office*
*+353 1 4984000*

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RA/TÉ)
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie
www.cso.ie/en/baile/